Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7650/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0126(APP)**

**EJUSTICE 11**
**JURINFO 3**
**INF 56**
**JUR 216**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11529/1/22 REV 1, 11750/1/REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9159/20 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 maidir le foilsiú leictreonach Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh<br>- Comhaontú i bprionsabal<br>- Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 22 Meitheamh 2020, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 216/2013 maidir le foilsiú leictreonach *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Chuir na toscaireachtaí barúlacha in iúl i scríbhinn le linn fhómhar 2020.

3. Pléadh an téacs ansin ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um r-Sheirbhísí Dlí an 17 Nollaig 2020.

4. Tar éis barúlacha a fháil ó na Ballstáit, b’éigean an téacs a athoibriú le linn 2021 agus 2022.

5. Dhearbhaigh na toscaireachtaí a gcomhaontú maidir leis an téacs athbhreithnithe ar leibhéal na Meithle um an r-Cheartas an 15 Feabhra 2023. Cuireadh deireadh leis na forchoimeádais ghrinnscrúdaithe uile.

6. Rinne dlítheangeolaithe na Comhairle athbhreithniú ar an téacs. Leagtar amach an téacs ar toradh é air sin 6551/23.

7. I bhfianaise an méid thuas, iarrtar ar Coreper/ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) teacht ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an Rialachán atá beartaithe, mar a leagtar amach in 6551/23 é, faoi réir toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa;

   (b) cinneadh a dhéanamh dréacht-téacs an Rialacháin, mar a leagtar amach in 6551/23 é, a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, i gcomhréir le hAirteagal 352 CFAE.